



Dáta: 26/06/2020

Imlitir Uimhir: 0042/2020

**Chuig Coistí Bainistíochta, Úinéirí/Bainisteoirí, Ceannairí
Réamhscoile, Cleachtóirí agus Baill Foirne eile i Suíomhanna
Foghlaim agus Cúram na Luathóige**

**SRIANTA MAIDIR LE SOCRUITHE DO CHIGIREACHTAÍ AR
SHUÍOMHANNA FOGHLAIM AGUS CÚRAM NA LUATHÓIGE (FCL)
DON BHLIAIN ACADÚIL 2020/2021**

Cuir an imlitir seo faoi bhráid gach ball foirne ábhartha agus gach ball den fhoireann bainistíochta (mar is cuí), le do thoil

Achoimre

Sa nóta seo

- leagtar amach coigeartuithe ar shocruithe do Chigireachtaí Oideachais Luath-Óige ina n-aithnítear na dúshláin ollmhóra atá roimh úinéirí, bainisteoirí, ceannairí agus cleachtóirí réamhscoile agus baill foirne eile i suíomhanna foghlaim agus cúram luathóige (FCL), mar aon leis na leanaí, na tuismitheoirí agus na pobail ar a mbeidh na FCL ag freastal sa bhliain acadúil 2020/21
- aithnítear na tréaniarrachtaí atá déanta ag úinéirí, bainisteoirí, coistí bainistíochta, ceannairí, cleachtóirí agus baill foirne eile i suíomhanna FCL chun leanúint gafa le tuismitheoirí agus leanaí agus iad sa bhaile le linn na tréimhse dúnta in 2020 agus sa tacaíocht a chuirfear ar fáil chun ullmhú do, agus tacú le, filleadh slán ar an suíomh
- cuirtear eolas ar fáil faoi obair chomhairleach, taighde agus mheastóireachta chigirí Luathbhlianta ón Roinn Oideachais agus Scileanna i suíomhanna FCL sa bhliain acadúil 2020/21
- spreagtar suíomhanna FCL le bheith gafa i bpróiseas meastóireachta athbheithnithe agus pleanála go himhneánach a bheidh teoraithe ag na creataí cleachtais náisiúnta, *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige* agus *Síolta: An Creatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* chun dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh ag baint le filleadh ar shuíomhanna FCL sa bhliain acadúil 2020/21.

1. Comhthéacs na cumarsáide seo

I mí an Mhárta 2020, dhún an rialtas gach suíomh foghlaim agus cúram luathóige (FCL), gach scoil agus gach lárionad oideachais ar chúiseanna sláinte poiblí, mar gheall ar scaipeadh Covid-19 (An Coróinvíreas). Ní raibh aon deis, i ngeall ar an dúnadh riachtanach agus gan choinne seo, chun leanaí, baill foirne agus tuismitheoirí a ullmhú don aistriú gan choinne chuig foghlaim agus obair sa bhaile agus tuigeann an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige go raibh na míonna ina dhiaidh sin dúshlánach agus strusmhar ar go leor bealaí.

Tá an dá roinn san airdeall freisin go ndearna go leor suíomhanna FCL tréaniarrachtaí chun teagmháil a choinneáil le leanaí agus le teaghlaigh agus chun tacaíocht a sholáthar d'fholláine, d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí de réir mar ab fhéidir. Le linn na tréimhse, bhí suíomhanna agus baill foirne aonair FCL in ann iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun tacú le leanaí agus tuismitheoirí sa bhaile agus iad a ullmhú don aistriú chuig an chéad chéim eile dá dturas foghlama, pé acu sa réamhscoil nó uaidh sin go dtí an bhunscoil.

Mar thoradh ar athoscailt phleanáilte na suíomhanna FCL de réir chomhairle sláinte poiblí, is dócha go n-eascróidh dúshlán bhreise i raon leathan réimsí, ina measc eagrú na ngnáthamh laethúil agus folláine na leanaí agus na foirne.

2. Obair mheastóireachta, thaighde agus thacaíochta na Cigireachta i suíomhanna FCL sa bhliain acadúil 2020/2021

Déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna a clár oibre a choigeartú chun tacú le suíomhanna FCL agus le hearnáil na luathbhlianta de réir mar a bheifear ag filleadh ar réamhscoileanna. Déanfar na gníomhaíochtaí ar leith a bheidh mar chuid d'obair na Cigireachta a athbhreithniú agus a fhorbairt de réir chomhairle sláinte poiblí agus de réir na gcúinsí sláinte a bhíonn i réim.

Taighde agus Tacaíocht

Beidh príomhfhócas obair na Cigireachta i suíomhanna FCL sa chéad téarma den bhliain acadúil 2020/2021 dírithe ar obair thaighde agus thacaíochta. Tacóidh an obair seo le húinéirí/bainisteoirí agus ceannairí suímh, cleachtóirí soláthar éifeachtach a dhéanamh d'fhoghlaim agus do dhul chun cinn gach duine óg – le fócas láidir ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí leochaileacha. Oibreoidh cigirí luathbhlianta i gcomhar le raon gníomhaireachtaí ainmnithe ag an DCYA chun faisnéis, treoir agus tacaíocht a sholáthar dá gcuid oibre comhairligh i suíomhanna FCL.

San obair thaighde agus thacaíochta seo, féachfaidh cigirí luathbhlianta ón Roinn Oideachais agus Scileanna le samplaí de chleachtas éifeachtach a aithint agus a

scaipeadh inar éirigh le suíomhanna FCL aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfoghlaimoirí tar éis dóibh filleadh ar shuíomhanna FCL.

Féachfaidh an obair thaighde freisin ar shamhail na cigireachta oideachais luathbhlianta sínte a fhorbairt agus a chur chun cinn chun go bhféadfar meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar do leanaí 0-6 bliana d'aois de réir an tiomantais do *First 5*.

Féachfaidh an obair thaighde seo go léir le dearcthaí na ngairmithe oideachais luathbhlianta a bhailiú agus a úsáid, ceannairí suímh, bainisteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimoirí chun dea-chleachtas a threorú ar fud an chórais ELC.

Déanfar obair mheastóireachta agus thaighde na Cigireachta le suíomhanna FCL de réir chomhairle sláinte poiblí. Cuirfear in iúl do shuíomhanna faoi chuaipteanna cigireachta roimh ré.

Gníomhaíocht chigireachta

Sa chéad téarma den scoilbhliain 2020/21, díreoidh cigirí Luathbhlianta ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar an obair thaighde agus thacaíochta thuasluaite. Dá bharr sin ní dhéanfar an gnáthchlár gníomhaíochta cigireachta. Beidh an ghníomhaíocht chigireachta teoranta do líon beag cigireachtaí tosaíochta, lena n-áirítear: obair chun cigireachtaí a tosaíodh roimh 12 Márta 2020 a chríochnú; cigireachtaí leantacha práinneacha; agus líon teoranta cigireachtaí riachtanacha eile. Cuirfear in iúl do shuíomhanna faoi chuaipteanna roimh ré.

Forbairt bhreise

Tá sé i gceist go leanfar leis an obair thaighde agus thacaíochta sa dara agus sa tríú téarma den scoilbhliain 2020/21 agus tá an Chigireacht ag pleanáil freisin don atosú céimnithe agus cúramach ar chlár teoranta de ghnáthobair cigireachta sa tréimhse seo.

3. An próiseas foilsithe do thuarascálacha ó chigireachtaí a rinneadh sa scoilbhliain 2019/20 a chríochnú

Nuair a dúnadh na suíomhanna FCL an 12 Márta 2020, bhí roinnt tuarascálacha cigireachta á bpróiseáil agus iad le cur amach chuig suíomhanna do dhearbhú fíricí nó do fhreagairt an tsuímh, mar réamhullmhúchán dá bhfoilsíú ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. Toisc nach raibh bainisteoirí, úinéirí agus baill foirne ábalta na foirgnimh a rochtain ón 12 Márta 2020, níor cuireadh amach aon cheann de na tuarascálacha seo. Cé go bhfuil treochlár an rialtais foilsithe anois maidir

le suíomhanna FCL, scoileanna agus lárionaid oideachais a athoscailt, agus go mbeidh cead dul isteach sna háitribh, tá an Chigireacht san airdeall go bhfuil iliomad mbrúna ar shuíomhanna FCL, ina measc athoscailt na suíomhanna FCL do chúram leanaí ag deireadh mhí an Mheithimh. I bhfianaise na n-éileamh seo ar chleachtóirí, ceannairí, agus úinéirí/bainisteoirí, tá cinneadh déanta ag an gCigireacht gan tuarascálacha cigireachta a eisiúint do dhearbhu fíricí ná do fhreagairt an tsuímh ag an am seo. Eiseofar na tuarascálacha seo chuig suíomhanna FCL ag tús na bliana acadúla nua.

Foilseofar, go luath, na tuairiscí, a bhí réidh le foilsiú i mí an Mhárta 2020, ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Oifig an Phríomhchigire
oci@education.gov.ie